ELeathanach13

Ceol, Spórt agus Scéalta Eile
Dé Luain 17 Samhain 2008

Duaiseanna Ceoil na hEorpa

Bhí duaiseanna Ceoil na hEorpa á mbronnadh i Learpholl an tseachtain seo caite. Ba í Katy Perry an láithreoir, agus thosaigh sí an cheolchoirm lena hamhrán 'I Kissed a Girl'.

Bhuaigh Britney Spears na duaiseanna don 'Albam is Fearr' agus do 'Ceoltóir 2008'. Bhuaigh Sir Paul McCartney an duais 'Ultimate Legend', agus bhronn Bono an duais air. Sheinn The Killers, Duffy agus Pink ag an gceolchoirm chomh maith.

Cluiche Rugbaí

Chaill foireann na hÉireann cluiche mór ag an deireadh seachtaine. Bhí siad ag imirt in aghaidh na 'All-Blacks' i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath. Bhí an Nua-Shéalainn róláidir agus róthapa do na hÉireannaigh. Beidh Éire ag imirt in aghaidh na hAirgintíne Dé Sathairn seo chugainn.

Amy san Ospidéal

Tá Amy Winehouse ar ais san ospidéal arís. Tá fadhbanna ag an amhránaí Sasanach lena scamhóga agus lena cliabhrach. Bhí Amy le canadh ag ceolchoirm i bPáras le déanaí ach tharraing sí amach as an gceolchoirm ag an nóiméad deireanach.

Urraithe ag
Foras na Gaeilge